Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Bealtaine 2024**
**(OR. en)**

**10182/24**

**RECH 242**
**ERAC 17**
**EDUC 179**
**COMPET 579**
**IND 277**
**MI 525**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 23 Bealtaine 2024 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9330/1/24 REV 1 |
| Ábhar: | Luachshocrú eolais a neartú mar uirlis le haghaidh tionscal athléimneach iomaíoch agus uathriail straitéiseach i ngeilleagar oscailte san Eoraip<br>– Conclúidí ón gComhairle (arna bhformheas an 23 Bealtaine 2024) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le *Luachshocrú eolais a neartú mar uirlis le haghaidh tionscal athléimneach iomaíoch agus uathriail straitéiseach i ngeilleagar oscailte san Eoraip*, a d'fhormheas an Chomhairle ag an 4026ú cruinniú dá cuid an 23 Bealtaine 2024.

**IARSCRÍBHINN**

# CONCLÚIDÍ ÓN GCOMHAIRLE MAIDIR LE LUACHSHOCRÚ EOLAIS A NEARTÚ MAR UIRLIS LE HAGHAIDH TIONSCAL ATHLÉIMNEACH IOMAÍOCH AGUS UATHRIAIL STRAITÉISEACH I NGEILLEAGAR OSCAILTE SAN EORAIP

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á MHEABHRÚ AICI

– na conclúidí uaithi an 26 Samhain 2021 maidir le rialachas an Limistéir Eorpaigh Taighde (LET)[1], inar tháinig sí ar chomhaontú maidir le Clár Oibre Beartais LET 2022–2024 agus gníomhaíocht shonrach ann maidir le treoir ón Aontas a uasghrádú ar mhaithe le luachshocrú eolais níos fearr, agus treoirphrionsabail le haghaidh luachshocrú eolais a fhorbairt agus a fhormhuiniú i measc na dtorthaí a bheidh air;

– na conclúidí uaithi an 17 Samhain 2022 maidir leis an gClár Oibre Nua Eorpach um Nuálaíocht[2], inar leagadh béim ar a thábhachtaí atá sé dlús a chur leis an rochtain ar mhaoiniú do ghnólachtaí nuathionscanta agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), chun tallanna, lena n-áirítear tallanna teicneolaíochta doimhne, a chothú, a mhealladh agus a choinneáil, chun éiceachórais nuálaíochta a fheabhsú agus a chomhdhlúthú agus an bhearna nuálaíochta san Eoraip a ghleic;

– na conclúidí uaithi an 2 Nollaig 2022 maidir le Bonneagair Thaighde[3], inar aithníodh beartais rochtana oscailte na mBonneagar Taighde mar rannchuidiú mór chun eolas agus cúrsaíocht daoine oilte a spreagadh agus feabhas a chur ar chomhar idirnáisiúnta na hEorpa maidir le Taighde agus Nuálaíocht (T&N) agus iomaíochas éiceachóras taighde agus nuálaíochta na hEorpa a threisiú ar fud an domhain;

---

[1] 14308/21.
[2] 14705/22.
[3] 15429/22.

– Moladh (AE) 2022/2415 uaithi an 2 Nollaig 2022 maidir leis na treoirphrionsabail le haghaidh luachshocrú eolais[4] – lena dtacaíonn an Cód Cleachtais i ndáil le bainistíocht sócmhainní intleachtúla agus an Cód Cleachtais i ndáil le caighdeánú[5], arna nglacadh i mí an Mhárta 2023, chomh maith leis an gCód Cleachtais i ndáil le comhchruthú idir an tionscal agus an saol acadúil[6] agus an Cód Cleachtais maidir le rannpháirtíocht na saoránach le haghaidh luachshocrú eolais, arna nglacadh i mí an Mhárta 2024[7]– ina sainmhínítear coincheap an luachshocraithe eolais lena gcuimsítear luach sóisialta agus eacnamaíoch a chruthú. Leagadh béim sa mholadh ar a thábhachtaí atá sé cultúr agus cleachtais fiontraíochta a fhorbairt, chomh maith le scileanna idirdhisciplíneacha a chothú agus leagadh síos ann na treoirphrionsabail ar cheart baint a bheith acu le tionscnaimh bheartais atá dírithe ar na gníomhaithe éiceachórais uile a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí T&N, lena n-áirítear idirghabhálaithe;

– na conclúidí uaithi an 23 Bealtaine 2023 maidir le foilsitheoireacht léinn atá ar ardchaighdeán, trédhearcach, oscailte, iontaofa agus cothromasach[8], inar athdhearbhaíodh a thábhachtaí atá sé dlús a chur leis an aistriú chuig eolaíocht oscailte, agus ina n-iarrtar ar na Ballstáit foilseacháin léannta a chur ar fáil láithreach faoi cheadúnais oscailte agus prionsabal FAIR (inaimsithe, inrochtana, idir-inoibritheach agus in-athúsáidte) agus an prionsabal maidir le 'a oscailte is féidir, a iata is gá' a chur i bhfeidhm i ndáil le sonraí taighde;

---

4 IO L 317, 9.12.22, lgh. 141–148.
5 IO L 69, 7.3.2023, lgh. 63–74.
6 IO L, 2024/774, 5.3.2024.
7 IO L, 2024/736, 5.3.2024.
8 9616/23.

– na conclúidí uaithi an 8 Nollaig 2023 maidir le ról agus tionchar an taighde agus na nuálaíochta sa phróiseas ceaptha beartas san Aontas a neartú[9], inar meabhraíodh gurb iad na rialtais náisiúnta agus réigiúnacha go príomha atá freagrach as an bhforbairt réigiúnach, ar féidir leo leas a bhaint as cistí beartais comhtháthaithe an Aontais agus as na Straitéisí um Speisialtóireacht Chliste chun idirghníomhaíochtaí agus comhar i measc gheallsealbhóirí na n-éiceachóras nuálaíochta éagsúla a mhéadú agus chun éagothromaíochtaí a laghdú; a spreag an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, chun ról an eolais eolaíoch agus fianaisebhunaithe agus a chomhtháthú trasearnálach i mbeartais phoiblí a chur chun cinn, trí leanúint de na gníomhaíochtaí maidir le mapáil a dhéanamh ar na cleachtais atá ann cheana maidir le luachshocrú eolais i gceapadh beartas, agus d’iarr sí ar an gCoimisiún ionstraimí agus gníomhaíochtaí a chur chun cinn lena gcuirtear luach ar an gcoincheap ‘Eolaíocht le haghaidh Beartais’, lena n-áirítear an ghné luachshocraithe eolais a ghabhann leis;

– Moladh uaithi an 18 Nollaig 2023 maidir le creat Eorpach chun daoine tréitheacha taighde, nuálaíochta agus fiontraíochta a mhealladh agus a choinneáil san Eoraip, ina gcuirtear moltaí ar fáil a thacóidh leis na Ballstáit, le heagraíochtaí taighde, le maoinitheoirí agus le geallsealbhóirí chun cobhsaíocht agus tarraingteacht gairmeacha taighde san Eoraip a mhéadú, soghluaisteacht idirearnálach a chothú agus taighdeoirí a chumasú le scileanna idirdhisciplíneacha agus meon fiontraíochta.

[9] 16450/23.

**PEIRSPICTÍOCHTAÍ GINEARÁLTA BEARTAIS**

1. TAGRAÍONN SÍ d'iarrachtaí an Aontais a leochaileacht a shárú de dheasca na ngéarchéimeanna a tharla le déanaí agus atá ann i gcónaí agus ar an staid chasta gheopholaitiúil atá os a chomhair, chomh maith le haghaidh a thabhairt ar an dúshlán a bhaineann le spleáchas an Aontais ar fhuinneamh, ar chomhpháirteanna leictreonacha agus ar amhábhair chriticiúla a laghdú, rud a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar a iomaíochas tionsclaíoch, ar a cheannaireacht theicneolaíoch dhomhanda, ar a shlándáil agus ar dhea-bhail a shaoránach. I bhfianaise an mhéid sin, TUGANN SÍ LE FIOS GO LÁIDIR gur gá feabhas, ar bhonn práinneach, a chur ar athléimneacht an Aontais agus a uathriail straitéiseach a chothú agus geilleagar oscailte[10] á chaomhnú ag an am céanna, agus an méid sin ag brath go mór ar an nuálaíocht a bheith i dtionsclaíocht na hEorpa agus ar infheistíochtaí i mbonn eolaíoch agus teicneolaíoch an Aontais. LEAGANN SÍ BÉIM AR A RÍTHÁBHACHTAÍ ATÁ SÉ luachshocrú eolais níos éifeachtúla a bheith ann chun borradh a chur faoi iomaíochas tionsclaíoch an Aontais ar an scála domhanda agus gur féidir leis cur leis an aistriú glas agus le claochlú digiteach na sochaí.

2. LEAGANN SÍ BÉIM ar an gcaoi nach féidir a shéanadh go n-aithnítear an tAontas mar gheall ar a bharr feabhais sa taighde ó thaobh cáilíochta, úrnuachta, tionchair, ranníocaíochtaí idirnáisiúnta agus aitheantas piaraí de. Is toradh é an barr feabhais sin ar thacaíocht leanúnach do ghníomhaíochtaí T&N, ar nós taighde bunúsach agus feidhmeach, agus ar thaighde comhoibríoch, fiontraíocht, gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá i mbun fáis a chur chun cinn, lena n-áirítear a Chláir Réime um Thaighde agus Nuálaíocht i ndiaidh a chéile.

3. AITHNÍONN SÍ, áfach, go bhfuil dúshláin roimh an Aontas maidir le torthaí T&N a aistriú go húsáid shochaíoch agus luach eacnamaíoch agus maidir leis an luach eacnamaíoch a choinneáil laistigh den Aontas. Is réamhchoinníoll é aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin le haghaidh luachshocrú eolais agus tá sé ríthábhachtach d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus do dhea-bhail agus rathúnas na sochaí. Is bunchloch é luachshocrú éifeachtach eolais T&N chun an próiseas sin a spreagadh, lena n-áirithítear go nginfidh an tAontas cumas nuálach agus go bhfaighidh sé luach as.

---

10 'Tá sé ina phríomhchuspóir ag an Aontas an uathriail straitéiseach a bhaint amach agus geilleagar oscailte a chaomhnú san am céanna'; Cruinniú urghnách den Chomhairle Eorpach (an 1 agus an 2 Deireadh Fómhair 2020) – Conclúidí, mír 3, EUCO13/20.

4. MEASANN SÍ gur uirlis chumhachtach é an luachshocrú eolais chun athléimneacht an Aontais a chothú. Trí eolas a ghiaráil agus a aistriú go straitéiseach ina réitigh phraiticiúla nuálacha, féadfaidh an tAontas agus na Ballstáit a n-iomaíochas agus a n-athléimneacht dhomhanda a threisiú. Chun na críche sin, ba cheart don Aontas agus dá Bhallstáit díriú ar na hacmhainneachtaí Eorpacha luachshocraithe eolais a neartú agus ar chultúr láidir Eorpach luachshocraithe eolais a fhorbairt mar aon le straitéis chun an tslándáil taighde a fheabhsú.

## NA HACMHAINNEACHTAÍ LUACHSHOCRAITHE EOLAIS A NEARTÚ

**Uirlisí cistiúcháin, beartais agus creataí chun tacú le gníomhaíochtaí luachshocraithe eolais**

5. LEAGANN SÍ BÉIM AR a riachtanaí atá sé borradh a chur faoi na huirlisí atá ann cheana agus cineálacha cur chuige nua a thionscnamh atá ceaptha chun an t-aistriú eolais agus na sócmhainní intleachtúla ina dtorthaí inláimhsithe a éascú, lena gcothófar nuálaíocht agus rathúnas. LEAGANN SÍ BÉIM, ina leith sin, ar an ról atá ag ionaid teicneolaíochta, gorlanna, saotharlanna beo, ardáin nuálaíochta, fadbhreathnaitheacht agus líonraí, imeachtaí oiliúna agus fothaithe acmhainneachta, i measc imeachtaí eile. IARRANN SÍ ar na Ballstáit gníomhaithe na dtionscnamh sin a nascadh le chéile chun feabhas a chur ar ghlacadh na nuálaíochtaí sa tionsclaíocht, san earnáil phoiblí agus sa tsochaí. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tuilleadh tacaíochta a thabhairt do na Ballstáit agus gníomhaíochtaí beartais LET á gcur chun feidhme.

6. LEAGANN SÍ BÉIM ar an tábhacht straitéiseach a bhaineann le teicneolaíochtaí criticiúla agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn – mar shampla an intleacht shaorga, teicneolaíochtaí eolaíochta saoil agus ardábhair – chun seasamh an Aontais i slabhraí luacha domhanda a neartú agus chun a athléimneacht agus a inbhuanaitheacht a thiomáint, lena n-áirítear a spriocanna straitéiseacha maidir le hationsclú. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil glacadh forleathan na dteicneolaíochtaí sin ríthábhachtach chun ceannaireacht theicneolaíoch an Aontais a choinneáil ar bun agus chun táirgeadh níos cliste agus níos costéifeachtaí a éascú san Aontas. Ina theannta sin, tá ról acu agus aghaidh á thabhairt ar na mórdhúshláin shochaíocha a bhaineann leis an daonlathas, leis an gcuimsitheacht, leis an tsláinte phoiblí agus an dea-bhail, leis an tslándáil agus leis an athrú aeráide. AITHNÍONN SÍ go mbraitheann forbairt agus úsáid na dteicneolaíochtaí sin go mór ar thaighde den scoth agus ar fionnachtana teicneolaíocha. Sa chomhthéacs sin, LEAGANN SÍ BÉIM ar ról an taighde bhunúsaigh maidir le táirgeadh eolais lena gcothaítear teicneolaíochtaí nua bunathraitheacha. Dá bhrí sin, CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá infheistíocht leordhóthanach a dhéanamh sa taighde bunúsach – lena n-áirítear taighde comhoibríoch – agus sna hEolaíochtaí Sóisialta, sna Dána agus sna Daonnachtaí – chun freagairt do riachtanais na sochaí agus chun bonn iomaíochas an Aontais a chothú.

7. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht an eolais a cruthaíodh maidir le rochtain ar an margadh agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar leordhóthanacht agus éifeachtúlacht uirlisí cistiúcháin an Aontais le haghaidh gníomhaíochtaí luachshocraithe eolais agus na sineirgí eatarthu, ar fud chláir agus thionscnaimh an Aontais, agus ionchur ghníomhaithe T&N á chur san áireamh agus a áirithiú go gcumhdófar leanúntas na ngníomhaíochtaí T&N ón taighde bunúsach go glacadh margaidh agus sochaíoch.

8. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún feabhas a chur ar shineirgí idir Fís Eorpach, an Clár don Eoraip Dhigiteach, Erasmus+, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, an Ciste Eorpach Cosanta, LIFE, clár spáis an Aontais, agus cistí agus cláir eile de chuid an Aontais atá ábhartha maidir le luachshocrú eolais. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le sineirgí idir na deiseanna cistiúcháin sin de chuid an Aontais a mheas ag céim deartha na ndeiseanna sin.

9. IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún comhlántacht idir cláir chistiúcháin réigiúnacha, náisiúnta agus Eorpacha a chur chun cinn chun tacú le luachshocrú eolais ar bhealach comhordaithe. MOLANN SÍ do na Ballstáit agus don Choimisiún na gníomhaíochtaí faoin gClár Oibre Eorpach Nua um Nuálaíocht atá gan déanamh a shaothrú. MEABHRAÍTEAR DI, i ndáil leis sin, gur creat iomchuí iad na straitéisí réigiúnacha atá bunaithe ar an straitéis um speisialtóireacht chliste agus ar phleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, i dteannta na mBallstát, féachaint an bhféadfaí deiseanna breise a aimsiú chun luachshocrú eolais a dhreasú ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, lena n-áirítear trí ionstraimí an Aontais, chun déileáil le leibhéil éagsúla feidhmíochta taighde agus nuálaíochta na mBallstát agus na réigiún trí éiceachórais nuálaíochta a neartú agus a nascadh.

10. IARRANN SÍ ar na Ballstáit úsáid saotharlanna beo, gorlanna, pobail eolais, léirsitheoirí tionsclaíocha agus boscaí gainimh rialála a spreagadh chun nuálaíochtaí a thástáil, dálaí oiriúnacha a bhunú do pháirtithe príobháideacha i ndáil le héifeachtúlacht na nuálaíochtaí sin, cabhrú le síolchaipiteal a chruinniú, foirne a oiliúint, agus ról na n-eagraíochtaí a bhíonn i mbun taighde agus na n-institiúidí ardoideachais agus gairmoideachais a bhíonn ag plé le luachshocrú eolais a neartú.

11. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá an rochtain ar chistiú riosca agus ar shíolchaipiteal príobháideach agus poiblí agus caipiteal fáis atá níos fairsinge a éascú, go háirithe do sheach-chuideachtaí, do ghnólachtaí nuathionscanta, do ghnólachtaí atá ag méadú, agus FBManna, trí oibriú le hearnáil na baincéireachta, le hinfheisteoirí príobháideacha agus le cistí caipitil fiontair, lena n-áirítear tríd an gComhairle Nuálaíochta Eorpach. MOLANN SÍ do na Ballstáit agus don Choimisiún tuilleadh féidearthachtaí a fhiosrú sa treo sin, agus an cur chuige go n-oireann an rud céanna do chách a sheachaint.

12. TACAÍONN SÍ le gníomhaíochtaí faoin gClár Oibre Nua Eorpach um Nuálaíocht arb é is aidhm dóibh glacadh na nuálaíochta a spreagadh trí sholáthar na nuálaíochta ina leith, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún féachaint a thuilleadh ar bhealaí chun tacú le húsáid na hionstraime sin agus an riosca a bhaineann léi a bhaint, agus chun feasacht agus eolas cuimsitheach ar sholáthar na nuálaíochta sna Ballstáit a fheabhsú. MOLANN SÍ do na Ballstáit a áirithiú go n-aithnítear soláthar na nuálaíochta ina gcuid straitéisí nuálaíochta náisiúnta agus réigiúnacha agus glacadh sholáthar na nuálaíochta a chur chun cinn i measc ceannaitheoirí poiblí, agus féachaint le ceannaitheoirí poiblí a spreagadh le húinéireacht maoine intleachtúla i soláthairtí poiblí a fhágáil faoi na conraitheoirí i gcás inarb iomchuí.

13. IARRANN SÍ ar na Ballstáit tarraingteacht éiceachórais T&N na hEorpa a neartú, lena n-áirítear d'infheisteoirí, trí cháilíocht acmhainneachtaí luachshocraithe eolais a fheabhsú, trí éifeachtacht agus oscailteacht na mbonneagar taighde agus teicneolaíochta, infhaighteacht lucht saothair oilte agus sonraí taighde FAIR a chothú mar aon le tarraingteacht an chreata rialála agus an chomhair idirnáisiúnta, agus aird á tabhairt ar shlándáil taighde na hEorpa agus comhar idirnáisiúnta á bhunú. LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá sé luachshocrú na dtorthaí taighde san Eoraip a éascú chun infheistíochtaí príobháideacha a ghiaráil agus chun forbairt athléimneach thionsclaíocht an Aontais a chur chun cinn.

14. LEAGANN SÍ BÉIM ar an tábhacht straitéiseach a bhaineann leis an gcomhar poiblí agus príobháideach mar chnámh droma an phróisis luachshocraithe eolais. IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún straitéisí a chur chun feidhme lena spreagtar gnólachtaí comhoibriú le taighdeoirí Eorpacha agus teicneolaíochtaí, táirgí agus seirbhísí nuálacha a chur ar an margadh, agus ar an gcaoi sin, torthaí na taighde a ailíniú le héilimh an mhargaidh agus na sochaí, agus IARRANN SÍ freisin go ndéanfaí an comhar sin a éascú trí chláir chistiúcháin réigiúnacha, náisiúnta agus Eorpacha.

15. MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil gá le deimhneacht dhlíthiúil agus gur gcaithfear an t-ualach rialála a laghdú agus deireadh a chur le bacainní dlíthiúla chun ceannaireacht theicneolaíoch, athléimneacht eacnamaíoch agus iomaíochas an Aontais a neartú, chun a áirithiú go ndéanfaidh an margadh inmheánach luachshocrú eolais a spreagadh agus go dtacóidh sé leis. IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún, faoi chuimsiú á n-inniúlachtaí faoi seach, tacaíocht fheabhsaithe a chur ar fáil do FBManna, do sheach-chuideachtaí agus do ghnólachtaí nuathionscanta chun dul i ngleic leis an gcreat rialála, chomh maith le próisis chaighdeánaithe agus rochtain níos fearr ar chláir chistiúcháin T&N an Aontais nó ar chláir eile de chuid an Aontais atá ábhartha i ndáil le luachshocrú eolais.

**An bhearna i líonra na n-idirghabhálaithe agus na n-éascaitheoirí nuálaíochta a dhúnadh**

16. MOLANN SÍ do na Ballstáit agus don Choimisiún tacaíocht a chur ar fáil chun acmhainneacht na n-idirghabhálaithe idir an saol acadúil agus gnólachtaí sna Ballstáit a neartú, mar shampla, oifigí aistrithe eolais agus teicneolaíochta (OAETanna), sócmhainní intleachtúla a bhainistiú agus imscrúdú a dhéanamh ar an margadh agus/nó ar acmhainneacht shochaíoch na sócmhainní intleachtúla a thagann as tionscadail an Chláir Réime.

17. MOLANN SÍ do na Ballstáit feabhas a chur ar ról na n-idirghabhálaithe, mar shampla OAETanna, ach a ngairmiúlú a neartú agus fothú acmhainneachta agus forbairt scileanna a spreagadh ionas go mbeidh siad in ann luach eolas T&N a shainaithint. MOLANN SÍ do na Ballstáit féachaint le tacaíocht a thabhairt d'idirghabhálaithe idir an saol acadúil agus gnólachtaí chun cabhrú le gníomhaíochtaí forbartha gnó, le haistriú eolais agus le luachshocrú.

18. MOLANN SÍ do na Ballstáit agus don Choimisiún féachaint an bhféadfaí an intleacht shaorga a úsáid chun acmhainneacht luachshocraithe agus tráchtálaithe torthaí taighde a shainaithint agus chun forbairt na n-ionstraimí comhfhreagracha a chur chun cinn san Eoraip, de bhun an Ghnímh um an Intleacht Shaorga[11].

19. MOLANN SÍ don Choimisiún agus do na Ballstáit an t-idirnasc idir éiceachóras nuálaíochta, bonneagar taighde agus teicneolaíochta, réamhghorlanna, gorlanna, ionaid oibre do ghnólachtaí nuathionscanta, moil, OAETanna, timpeallacht TF agus digiteach, comhairleoirí dlí agus gníomhaithe ábhartha eile, lena n-áirítear lucht ceaptha beartas, a éascú ar fud na hEorpa chun próiseas níos éifeachtúla maidir le luachshocrú eolais agus scaipeadh eolais ar thairbhithe éagsúla a spreagadh. LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá an t-idirnascadh sin, ní hamháin ó thaobh na héifeachtúlachta de, ach mar ionstraim chun dul i ngleic leis an deighilt nuálaíochta freisin.

[11] P9_TA(2024)0138, COR1.

20. MOLANN SÍ do na Ballstáit agus don Choimisiún comhar a chothú idir na gníomhaithe éagsúla sa phróiseas luachshocraithe eolais agus iad a dhreasú chun aghaidh a thabhairt ar an luachshocrú eolais mar phróiseas leanúnach, seachas mar chéimeanna ar leith. IARRANN SÍ AR an gCoimisiún, i ndáil leis sin, athbhreithniú a dhéanamh ar na Cóid Chleachtais i ndáil le bainistíocht sócmhainní intleachtúla agus maidir le caighdeánú, nuair is gá. IARRANN SÍ ar na Ballstáit úsáid na dtionscnamh a thacaíonn le líonrú gníomhaithe éagsúla sa phróiseas luachshocraithe eolais a chur chun cinn.

21. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ról tábhachtach sonrach atá ag bonneagair thaighde agus theicneolaíochta maidir le luachshocrú eolais agus maidir leis an gcomhar idir ollscoileanna, institiúidí taighde agus an earnáil ghnó a neartú. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún sainmhíniú a mholadh agus mapáil riachtanas úsáideoirí maidir le bonneagair theicneolaíochta san Aontas a mholadh faoi lár 2025. MEASANN SÍ go bhfuil sé ríthábhachtach straitéis de chuid an Aontais do bhonneagair teicneolaíochta a fhorbairt mar obair leantach ar an mapáil sin chun dúbláil infheistíochtaí a sheachaint, chun sócmhainní comhlántacha a fhorbairt agus chun an riosca a bhaint de phróisis nuálaíochta, agus obair ábhartha ESFRI á cur san áireamh. Chun luachshocrú eolais i dtaca leis an straitéis a fheabhsú a thuilleadh, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an nasc idir bonneagair taighde agus teicneolaíochta a chothú, an rochtain do FBManna go háirithe a éascú, agus seirbhísí tacaíochta a bhaineann le bainistíocht sócmhainní intleachtúla, oiliúint, agus gnéithe rialála nó caighdeánaithe a fhorbairt.

22. AITHNÍONN SÍ a ábhartha atá boscaí gainimh rialála an Aontais chun turgnamhaíocht agus tástáil a chumasú agus chun timpeallacht rialála a chruthú lena gcuirfear dlús leis an nuálaíocht, agus MOLANN SÍ don Choimisiún tograí nithiúla a dhéanamh maidir lena gcur chun feidhme. IARRANN SÍ ar na Ballstáit boscaí gainimh rialála a úsáid agus aird ar leith á tabhairt ar FBManna agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún malartú dea-chleachtas idir na Ballstáit a éascú agus treoir, comhairle agus tacaíocht bhreise a chur ar fáil chun an fhoghlaim rialála a chothú ar fud an Aontais.

## CULTÚR LUACHSHOCRAITHE EOLAIS A FHORBAIRT

### An comhar a chothú

23. LEAGANN SÍ BÉIM ar an gcaoi gurb é atá i gceist le cultúr luachshocraithe eolais a fhorbairt timpeallacht a chothú ina n-aithníonn agus ina gcomhoibríonn daoine aonair, institiúidí agus gnólachtaí go gníomhach sa phróiseas le heolas a aistriú ina thorthaí nithiúla, agus go mbíonn tuiscint acu don phróiseas sin, agus LEAGANN SÍ BÉIM, i ndáil leis sin, ar an ról criticiúil atá ag an measúnú ar thaighde, go háirithe an obair a dhéanann CoARA (an Chomhghuaillíocht um Measúnú Taighde a Chur Chun Cinn). Sa chomhthéacs sin, MOLANN SÍ do na Ballstáit agus don Choimisiún meon comhoibríoch a chur chun cinn, lena n-áirítear trí fheasacht a mhúscailt ar leibhéal ceannaireachta na n-eagraíochtaí déanta taighde; aitheantas a thabhairt d'iarrachtaí i ndáil le luachshocrú eolais agus iad a chúiteamh; luachshocrú eolais a chomhtháthú san oideachas; líonrú agus cumarsáid a éascú; nósanna imeachta riaracháin a chuíchóiriú agus an éagsúlacht agus an cuimsiú a chur chun cinn.

24. MOLANN SÍ do na Ballstáit agus don Choimisiún ról a thabhairt don 'héilics ceathrúil' (lucht acadúil, na húdaráis phoiblí, lucht tionsclaíochta agus an tsochaí shibhialta) sna luathchéimeanna den phróiseas taighde agus nuálaíochta. TACAÍONN SÍ le comhchruthú feabhsaithe idir lucht tionsclaíochta agus lucht acadúil ina saothraíonn siad leas coiteann go réamhghníomhach agus ina ndéanann siad eolas a tháirgeadh agus a luachshocrú go comhpháirteach. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le muinín na saoránach san eolaíocht agus sa nuálaíocht a threisiú trí na tairbhí a bhaineann le torthaí luachshocraithe eolais i saol laethúil na saoránach a chur in iúl. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá rannpháirtíocht na saoránach a chuimsiú sa taighde chomh maith leis an nuálaíocht a thiomáineann úsáideoirí agus MEABHRAÍTEAR DI a thábhachtaí atá ceapadh beartais atá bunaithe ar fhianaise.

25. MOLANN SÍ an comhar ildisciplíneach agus trasdisciplíneach a chur chun cinn i ngach réimse nuálaíochta, go háirithe an comhar idir ETIM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, Matamaitic) agus na hEolaíochtaí Sóisialta, na Dána agus na Daonnachtaí lena gcothaítear comhpháirtíochtaí, comhthionscadail taighde, idirphlé ar mhaithe le nuálaíocht agus ardáin comhroinnte eolais chun aghaidh a thabhairt ar an inbhuanaitheacht agus ar thosaíochtaí straitéiseacha i mbeartais shóisialta, chomhshaoil agus eacnamaíocha. MOLANN SÍ, i ndáil leis an méid sin, comhoibriú idir ETIM (eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht, matamaitic) agus na hEolaíochtaí Sóisialta, na Dána agus na Daonnachtaí ar leibhéal na ngníomhaíochtaí T&N a fhaigheann tacaíocht ón Aontas**.**

26. LEAGANN SÍ BÉIM ar an gcaoi go gcumasaítear luachshocrú eolais le cleachtais eolaíochta oscailte. Áirítear leis sin a áirithiú go mbeidh dearadh na réad digiteach taighde ag cloí le cleachtas FAIR (inaimsithe, inrochtana, idir-inoibritheach agus in-athúsáidte). IARRANN SÍ ar na Ballstáit creataí a ghlacadh lena n-éascófar sócmhainní intleachtúla a bheith á mbainistiú go straitéiseach ag institiúidí taighde agus taighdeoirí, agus ar an gcaoi sin cleachtais eolaíochta oscailte agus nuálaíochta oscailte, aistriú eolais agus an luachshocrú a chumasú.

27. MEABHRAÍTEAR DI a thábhachtaí atá an comhar idirearnálach chun feabhas a chur ar chúrsaíocht eolais agus ar luachshocrú eolais; MOLANN SÍ don Choimisiún leanúint den chomhar agus den tsoghluaisteacht idirearnálach a dhreasú ina chláir T&N agus IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún tacú le hathrú eagraíochtúil i dtreo gairmeacha T&N atá níos tarraingtí agus níos inbhuanaithe sa saol acadúil agus lasmuigh de, lena gcothaítear meon fiontraíochta.

**Feabhas a chur ar chláir oiliúna le haghaidh na fiontraíochta agus na nuálaíochta i ngach disciplín**

28. IARRANN SÍ ar na Ballstáit feasacht a mhúscailt i measc geallsealbhóirí maidir le luachshocrú eolais agus bainistíocht sócmhainní intleachtúla, lena n-áirítear ag tús gairmeacha taighdeoirí. MOLANN SÍ oiliúint, acmhainní agus treoir a chur ar fáil do gheallsealbhóirí maidir le fiontraíocht, aistriú eolais agus teicneolaíocht, bainistíocht sócmhainní intleachtúla agus beartais, soláthar na nuálaíochta agus an Eolaíocht Oscailte; agus TACAÍONN SÍ le dea-chleachtais a scaipeadh i measc na mBallstát.

29. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá le cultúr fiontraíochta a chothú i measc cláir oiliúna agus shoghluaisteachta agus líonraí meantóireachta agus leas a bhaint as tionscnaimh na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht faoina colún oideachais ar mhaithe le meonta fiontraíochta a chothú. IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún níos mó deiseanna foghlama a chur ar fáil do mhic léinn agus do thaighdeoirí maidir le riachtanais shonracha gníomhaithe tionscail agus sochaíocha, rud a spreagfaidh a ndíocas taighde chun réitigh nuálacha a bhaint amach, chomh maith lena scileanna cumarsáide ar fud na n-earnálacha. LEAGANN SÍ BÉIM ar an gcaoi go bhfuil sé tábhachtach rochtain a fháil ar na deiseanna foghlama sin ó aois óg chun meon fiontraíochta a chothú.

30. AITHNÍONN SÍ go bhfuil sé ríthábhachtach scileanna ETIM agus scileanna i dtaca leis na hEolaíochtaí Sóisialta, na Dána agus na Daonnachtaí a chur chun cinn trí fheasacht a mhúscailt tríd an oideachas, na meáin nó na healaíona, trí dheiseanna foghlama ar feadh an tsaoil a chur ar fáil, agus trí tharraingteacht mhargadh na bpost a fheabhsú. LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí atá sé go n-oibreodh réimsí uile na heolaíochta agus an oideachais i gcomhar leis an tionsclaíocht chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochaíocha, agus ar an ngá atá ann aghaidh a thabhairt ar an gclaontacht ó thaobh inscne agus éagsúlachta de (chomh maith le héagothromaíochtaí inscne), chun gach tallann a chothú, eiseamláirí a mhealladh agus cumarsáid fhorleathan a dhéanamh faoi dhea-chleachtais sa chomhthéacs sin.

31. TACAÍONN SÍ le hoiliúint, uas-sciliú agus athsciliú an lucht saothair a chur chun cinn tríd an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil, go háirithe sna réimsí nuálaíochta agus digiteacha. MOLANN SÍ, i ndáil leis sin, oiliúint maidir le bainistiú sócmhainní intleachtúla do thaighdeoirí agus d’fhiontraithe a phríomhshruthú agus comhar éifeachtach le OAETanna a éascú. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá an ghairmoiliúint i ndáil leis sin.